www.xtrapapers.com

New Specification

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2017**

# Ealaín agus Dearadh

Aonad Measúnaithe AS 2
*ag measúnú*
Freagairt Phearsanta

**[SAR21]**

**Ar fáil ar líne ó Lúnasa 2016**

**DÁTA EISITHE CHUIG IARRTHÓIRÍ**
**1 FEABHRA 2017**

## EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Ba chóir go mbeadh an obair seo críochnaithe tuairim is seachtain sula gcuirfear na marcanna chuig CCEA.
Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Moltar d'iarrthóirí an páipéar seo ar fad a léamh roimh obair ar bith a thosú.
Is féidir treoir ar mhaoirseacht, ar thacaíocht agus ar fhíordheimhneacht a fháil ach í a iarraidh nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA ag www.ccea.org.uk

## OBAIR ULLMHÚCHÁIN

Ní mór duit obair ullmhúcháin a chur ar fáil mar thacaíocht le do thoradh deiridh Freagairt Phearsanta. Níl aon teorainneacha leis an am nó an áit ar féidir tabhairt faoin obair ullmhúcháin. Ní mór don mhúinteoir an obair ullmhúcháin **uilig** a fhíordheimhniú.

## AN FHREAGAIRT DEIRIDH

Tosaíonn an tréimhse scrúdúcháin don Fhreagairt Phearsanta ar 1 Feabhra i mbliain an scrúdaithe. Caithfear an Fhreagairt Deiridh a chomhlánú taobh istigh den lárionad agus is féidir í a thosú am ar bith le linn na tréimhse scrúdúcháin. Ní mór í a bheith fíordheimhnithe ag an mhúinteoir. Cuirfidh an lárionad deich n-uair an chloig d'am feitheoireachta ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chur i gcrích an tsaothair. Ba chóir an obair ullmhúcháin agus an fhreagairt deiridh a chur ar fáil don mhúinteoir le go ndéanfar measúnú orthu agus le go ndéanfaidh modhnóir de chuid CCEA modhnóireacht orthu ina dhiaidh sin.

www.xtrapapers.com

**Treoracha d'iarrthóirí**

AS 2, **An Fhreagairt Phearsanta**, is páipéar spreagthach é atá socraithe go seachtrach a chuirfidh pointí tosaigh molta ar fáil a thagann amach as téama socraithe eisithe ag CCEA ag tús an chúrsa AS.

Is féidir tabhairt faoin téama trí cheann ar bith de na speisialtóireachtaí GCE Ealaín agus Dearadh seo a leanas:

- Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar;
- Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe;
- Dearadh Trí-Thoiseach; nó
- Teicstílí.

**Critéir Mheasúnaithe**
Agus do chuid oibre á marcáil, bainfear úsáid as na cuspóirí measúnaithe seo a leanas:

**CM1** **Eolas agus Tuiscint:** Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe marthanacha agus fócasaithe a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhoinsí comhthéacsúla agus eile, ag léiriú tuiscint atá anailíseach agus criticiúil.

**CM2** **Próiseas cruthaitheach:** Acmhainní, meáin, ábhair, teicnící agus próisis chuí a fhiosrú agus a roghnú, agus smaointe a athbhreathnú agus a choigeartú de réir mar a fhorbraíonn obair.

**CM3** **Scileanna:** Smaointe, breathnuithe agus aon léargas atá ábhartha do chuspóirí a thaifeadadh, agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar obair agus dul chun cinn.

**CM4** **Toradh:** Freagairt phearsanta bhríoch a chur i láthair a chuireann cuspóirí i gcrích agus, an áit ar cuí é, a dhéanann ceangail idir eilimintí amhairc agus eile.

Anseo thíos tá leithdháileadh céatadánach na marcanna don aonad seo:

- CM1 16.67% [10 marc]
- CM2 16.67% [10 marc]
- CM3 16.67% [10 marc]
- CM4 50% [30 marc]

Ba chóir duit an páipéar ar fad a léamh.

Moltar duit tosú ar smaointe a fhiosrú don téama seo le linn Aonad 1, an Phunann Thurgnamhach, ionas go mbeidh tú ábalta tarraingt ar d'obair agus d'fhorbairt thurgnamhach in Aonad 1 le toradh a tháirgeadh le linn Aonad 2, an Fhreagairt Phearsanta.

Is féidir go bhfaighidh tú inspioráid ó smaointe, ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí fud fad an pháipéir ach táthar ag dúil le go ndéanfaidh tú smaointe a fhiosrú agus obair a tháirgeadh go príomha i meáin agus i ndisciplíní a bhaineann le do speisialtóireacht roghnaithe féin. San Ealaíon, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar, cuimsíonn seo na disciplíní ar fad.

Tabharfaidh do mhúinteoir treoracha cruinne duit ar chomhlánú agus measúnú do chuid obair ullmhúcháin agus na socruithe atá déanta do na seisiúin tástála rialaithe agat.

www.xtrapapers.com

**Staidéir Ullmhúcháin**

Ní mór duit do Léiriú Intinne, d'obair ullmhúcháin, do thoradh/thorthaí deiridh, agus do luacháil scríofa a chur i láthair le haghaidh measúnú. D'obair ullmhúcháin, ní mór di tacú le táirgeadh an toraidh deiridh agus is féidir leis bheith i bhfoirm leabhar oibre, leabhair sceitseála, leathanaigh scaoilte, nó aon mheán cuí traidisiúnta nó digiteach eile atá déthoiseach nó tríthoiseach. Ba chóir í a chur i láthair leis an toradh leis na critéir mheasúnaithe uilig atá liostaithe a chomhlíonadh.

**Ní mór gur leat féin í an obair uilig a chuirtear i láthair don scrúdú seo.**

**Treoir**

Ba chóir duit:

- **Léiriú Intinne** a tháirgeadh, nach bhfuil níos mó ná 300 focal ann, ina dtugtar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil sé ar intinn agat na smaointe seo a fhorbairt i dtreo toraidh. Níor chóir dó seo do phróiseas cruthaitheach a theorannú agus is féidir leis na hintinní agat athrú de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Is féidir leat é seo a léiriú sa luacháil agat.
- An obair ullmhúcháin agat a fhorbairt agus a chur i láthair. Is féidir go gcuimseoidh sí líníochtaí, pictiúir phéinteáilte, colláisí, grianghrafadóireacht, leathanaigh dearaidh, samplaí, maquettes, nó fréamhshamhlacha atá ábhartha don speisialtóireacht agat, i meáin thraidisiúnta nó dhigiteacha.
- Tuiscint a léiriú ar na heilimintí foirmiúla agus na prionsabail dearaidh a bhaineann le healaín, ceardaíocht agus dearadh.
- Tuiscint chomhthéacsúil a léiriú ar obair cleachtóirí eile agus ar an speisialtóireacht a roghnaigh tú féin.
- Meáin, ábhair nó teicnící cuí a roghnú atá fóirsteanach le do thoradh a tháirgeadh.
- Do chuid smaointe a athrú agus a choigeartú de réir mar a théann siad chun cinn.
- Pleanáil agus ullmhú do tháirgeadh an toraidh deiridh a dhéanamh a fhóireann don am atá ar fáil.
- Toradh a tháirgeadh a léiríonn do chuid intinní.
- An obair ullmhúcháin chomhlánaithe agus an toradh agat a chur i láthair i modh cuí.
- Luacháil ghairid scríofa den fhreagairt phearsanta agat a chomhlánú. (Uasmhéid 300 focal)
- An obair seo a chur ar fáil le haghaidh marcáil agus modhnóireacht nuair a iarrann do lárionad ort é a dhéanamh.

www.xtrapapers.com

# TÉAMA: Cisil

Tá ról lárnach ag úsáid ciseal maidir le cuid mhór réimsí den ealaín, den cheardaíocht agus den dearadh a chruthú. Cuimsíonn seo obair a bhfuil níos mó ná ciseal amháin den bhrí ann nó cisil fhisiceacha, mar shampla, cisil de phéint a thógáil nó íomhánna atá ag forluí ar a chéile. Baineann ealaíontóirí agus dearthóirí comhaimseartha úsáid as éagsúlacht próisis thraidisiúnta agus dhigiteacha i dtáirgeadh obair ilchisealach.

**Ar na sainmhínithe ar chisil tá:**

- *Tiús singil d'ábhar a chlúdaíonn dromchla nó a fhoirmíonn cuid thíos faoi m.sh. ciseal dusta*
- *Deascán nó fairsinge a bhíonn cothrománach de ghnáth; sraith, m.sh. cisil charraige*
- *Doimhneacht nó leibhéal*
- *Rud a dheighilt nó a fhoirmiú ina chisil*

Ba chóir duit obair ealaíontóirí, ceardaithe nó dearthóirí eile a fhiosrú le do chuid imscrúduithe agus smaointe féin a spreagadh agus a fhorbairt. Thig leat na samplaí seo a leanas a úsáid mar thúsphointe nó do rogha féin de chleachtóirí ábhartha a fhiosrú. Is féidir leat inspioráid a roghnú ón speisialtóireacht a bhfuil staidéar á dhéanamh agat uirthi nó ó roinn ar bith eile den pháipéar.

www.xtrapapers.com

**Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar**

Ealaíontóirí den **Renaissance Iodáileach** ar nós **Paolo Uccello** agus **Piero della Francesca**, thosaigh siad ar pheirspictíocht líneach a úsáid le cuma chisil doimhneachta a chruthú ina gcuid oibre.

Nocht staidéir anatamaíochta **Leonardo da Vinci** na cisil atá le fáil faoi dhromchla chorp an duine.

Is é atá in ***For the Love of God*** le **Damien Hirst** ná blaosc dhaonna clúdaithe le ciseal diamant. Chomh maith leis sin, feidhmíonn an dealbh seo mar **memento mori** – rud a chuireann i gcuimhne don duine nach féidir an bhás a sheachaint.

Tugadh an t-aitheantas do **Pablo Picasso** agus do **Georges Braque** araon as foirm na **colláise** a 'chéadchumadh' mar shíneadh ar a gcuid turgnamh leis an **Chiúbachas**. Bhain **Kurt Schwitters** agus **Hannah Höch** úsáid fhorleathan fosta as colláis ina gcuid oibre.

**I ndéanamh priontaí**, is minic a thógtar íomhá ó chisil atá cruthaithe de bhlocanna nó de phlátaí éagsúla. Is déantóir priontaí áitiúil í **Margaret Arthur**, a bhaineann úsáid as teicnící úrnua de dhéanamh priontaí, meáin mheasctha agus ola ar chanbhás le cisil d'íomhánna a chruthú.

Ba bhall é **Francis Picabia** den ghluaiseacht **Dada** a rinne a chuid féin de réimse leathan stíleanna ina chuid oibre. Tá íomhánna forshuite ina chuid pictiúr ***Transparence***, a fuair inspioráid ó fhoinsí chomh héagsúil le dealbhóireacht na Rómhánach, Rubens, Titian, Dürer, agus freascónna Rómhánula de chuid na Catalóine.

In ***Nude Descending a Staircase (No.2)*** le **Marcel Duchamp** déantar seicheamh d'íomhánna forshuite d'fhigiúr atá ag gluaiseacht a chisealú. Leanann ***Unique Forms of Continuity in Space*** le **Umberto Boccioni** an rud céanna i bhfoirm thrí-thoiseach.

Tá béim ar an chothrománn in ***Prairie Buildings*** le **Frank Lloyd Wright** a léiríonn tírdhreach leathan réidh lár-iarthar Mheiriceá. Na cisil sheachtracha dá ***Guggenheim Museum*** i Nua-Eabhrac, léiríonn siad an rampa bíseach taobh istigh a nascann na hurláir éagsúla san fhoirgneamh. Sa dearadh a rinne sé don ***Falling Water House***, déantar macalla de na cisil charraige ar tógadh an teach os a gcionn.

Bhí tionchar ollmhór ag íomhánna montáise **John Heartfield** den 20ú haois luath ar dhearthóirí grafacha. Ina chuid saothar i meáin mheasctha, cháin sé ré na Naitsithe agus an chogaíocht i gcoitinne.

Is dealbhóir agus ealaíontóir suiteála ó Albain é **David Mach**. Is minic a bhíonn a chuid oibre bunaithe ar chóimeálacha sruthacha atá déanta de rudaí olltáirgthe amhail irisleabhair, boinn charranna, nuachtáin nó crochadáin chótaí. Na portráidí atá déanta aige ar na mallaibh de dhaoine atá i mbéal an phobail, cruthaíodh iad ó chisil de chártaí poist forluiteacha.

Sa dealbh ***Safe as Houses*** le **Louise Rice**, in Iarsmalann Uladh, tá cisil de bhlaincéid curtha ar stól. Is de ghloine a séideadh i múnla atá an ceann thuas agus an ceann thíos déanta, ach is fíorbhlaincéad é an ceann sa lár.

In íomhánna ilchisealacha **Robert Rauschenberg**, rinneadh meáin thraidisiúnta agus rudaí fríotha ar nós grianghraf a chónascadh. Lig sé don tseans randamach a shocrú cá háit a gcuirfí na rudaí seo ionas nach raibh aon chóiriú nó brí réamhshocraithe ina chuid saothar.

www.xtrapapers.com

Tá **Christo agus Jeanne-Claude** clúiteach as séadchomharthaí clúiteacha, amhail an ***Pont Neuf*** i bPáras agus an ***Reichstag*** i mBeirlin, a chlúdach i gcisil éadaigh, le dóigheanna nua a chruthú le tírdhreacha aithnidiúla a fheiceáil.

Baineann **Kate Spade (Maisitheoir)** úsáid as cisil de pháipéar gearrtha ina cuid maisiúchán do leabhair, fógraí agus tréimhseacháin. Faigheann **Mayuko Fujino** inspioráid ón ealaín thraidisiúnta Sheapánach **katazome** dá gearrthóga páipéir cisealaithe. Bíonn an stiúideo cruthaitheach **Shotopop** ag fiosrú réimse stíleanna ilghnéitheach dearaidh agus maisiúcháin, a dhéanann íomhánna digiteacha veicteoirbhunaithe a chisealú le gearradh páipéir.

Sna saothair mheáin mheasctha le **Chris Ofili**, tá cisil de cholláis pháipéir, péinteanna aicrileacha agus ola, gealra, pionnaí léarscáile, roisín agus aoileach eilifinte ar línéadach.

Na teilgin le **Rachel Whiteread** den taobh istigh d'fhoirgnimh agus de chlaonspásanna, cruthaíonn siad dealbha rúndiamhra nach bhfuil sainmhínithe go radharcach a thuilleadh ag an chiseal sheachtrach acu.

Déanann **Julie Mehretu** íomhánna mór-scála gothacha i bpéint, peann luaidhe, peann agus dúch, agus cuireann sí a cuid meán agus samhlaoidí ailtireachta agus geografaíochta teibithe araon i gcisil. Léiríonn líníochtaí mórscála gualaigh agus crián conté **Jeanette Barnes**, tírdhreach uirbeach atá ag athrú, a thógann íomhánna i gcisil thar thréimhse fhada ama.

Fiosraíonn saothar **Idris Kahn** (péintéireacht, líníocht, dealbha, grianghrafadóireacht agus físeáin) cuimhne, cruthaitheacht agus éispéiris sna híomhánna i gcisil dhlútha aige. Bíonn sé ag brath ar phróiseas leanúnach de chruthú agus de scriosadh, agus cuireann sé cisil úra ann fad a choinníonn sé iarsmaí den rud a bhí ann roimhe.

I scannán **Laurie Anderson**, ***Heart of a Dog***, bíonn cisil ann den ghníomhaíocht bheo le líníocht, rótascópáil, guth agus ceol.

Tá **David Carson** clúiteach as a dhearadh irisleabhar nuálach agus a chlóghrafaíocht thurgnamhach (grúinse), ina ndéantar cló a chur i gcisil go dtí go bhfuil sé beagnach doléite. Cruthaíonn dearthóirí grafacha **Richard Niessen** agus **Esther de Vries** cisil de phatrúin agus de théacs ina gcuid saothar, a chuimsíonn fosta dearthaí do cheirmigh, teicstílí agus taispeántais.

Is páirtphéintéireacht agus páirt-taibhiú araon iad na ***Dip Paintings*** le **Oliver Jeffer**. I ndiaidh dó portráid a phéinteáil de dhuine a chaill duine éigin, déantar an íomhá a thumadh i gciseal de phéint chruain i searmanas rúnda, a chuireann cuid de i bhfolach go deo.

In ***House for Essex*** le **Grayson Perry *(Julie's House)***, déantar ábhair, próisis, insint agus stíleanna ailtireachta a chisealú. Is scrín é an foirgneamh seo do 'Julie' – carachtar ficseanúil a bhfuil scéal a beatha á insint ann trí shiombalachas agus insint radhairc. Tá an teach clúdaithe taobh istigh agus taobh amuigh le tíleanna ceirmeacha, ceirmigh mhúnlaithe agus táipéisí.

Tá turgnaimh déanta ag dearthóirí ar nós **Hussein Chalayan** le cisil de ghléasanna leictreonacha atá inchaite mar éadaí. Tá ***Galaxy Dress*** síoda le **CuteCircuit** bróidnithe le 24,000 DAS (*LED*) atá chomh tanaí le páipéar agus tá corradh le 4000 criostal Swarovski ina measc. Déanann ***Shroud Hat*** le **Philip Treacy** an duine atá á chaitheamh a chlúdach le ciseal de líontán dealbhaithe de 6000 solas DAS (*LED*).

Cruthaíonn **Elisa Larvego** dealbha móibíleacha de chisil de rudaí fríotha, agus déantar taifeadadh grianghrafadóireachta díobh ansin.

www.xtrapapers.com

**Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-bhunaithe**

D'fhiosraigh **Raoul Haussman** agus **Man Ray** réimse de phróisis chisealaithe ina gcuid grianghrafadóireachta, ó fhótamhontáisí go hilnochtaí, fótaghraim, rayogram agus picteagraim.

Cruthaíonn **Vanessa Marsh** tírdhreacha samhlaithe agus comhcheanglaíonn sí iad le spéartha réaltacha, ag úsáid próiseas a chuimsíonn líníocht, péintéireacht, claonchlónna lámhphéinteáilte agus teicnící seomra dorcha.

Cuimsíonn suiteálacha **Kara Walker** teilgeadh solais, scannáin agus físeáin atá cisealaithe le híomhánna scáthchruthaithe le hinsintí a chruthú.

Nochtann grianghraif x-ghatha **Hugh Turvey** de bhláthanna na cisil faoin dromchla nach bhfeictear de ghnáth.

In ***Collective Memory*** le **Doug Keye**, cruthaítear íomhánna ilchisealacha ó íomhánna as leabhair agus doiciméid atá curtha le chéile leis an dóigh a thaispeáint a gcarntar eolas thar am. Ina íomhánna ***Big City***, déantar doiciméadú ar an phróiseas a bhaineann le bheith ag taisteal feadh bealach áirithe nó i limistéar ar leith.

Cruthaítear grianghraif theibí gheal dhaite **Shirana Shahbazi** sa stiúideo trí íomhánna de dhromchlaí atá péinteáilte agus uillinnithe a chur ar bharr a chéile.

Sa tsraith beochaintí ***7 lights*** le **Paul Chan**, déantar teilgin dhigiteacha agus líníochtaí gualaigh a chisealú, le dath agus déine an tsolais ag athrú mar a d'athródh siad thar lá nó oíche.

Cruthaítear ***Layered Drawings*** le **Nobuhiro Nakanishi** trí ghrianghraif a ghlacadh de thírdhreach thar thréimhse ama. Ina dhiaidh sin, déantar na híomhánna a phriontáil agus a chur ar aicrileach agus taispeántar iad i sraith, a chruthaíonn íomhá ilchisealach a thugann ar an breathnóir na 'tírdhreacha' a fheiceáil ar dhóigh dhifriúil.

Baineann **Matthias Brown** úsáid as ***Rótascópáil*** (próiseas mar a rianaíonn beochantóirí thar phíosa scannáin, fráma ar fhráma) ina scannáin bheoite.

Na grianghraif fhadnochtaithe atá déanta ag **Jason Schulman** ar na mallaibh, ceapann siad scannán iomlán in aon íomhá amháin.

Cruthaíonn **Jerry Uelsmann** agus **Christoffer Relander** íomhánna ilchisealacha ag úsáid teicnící turgnamhacha ceamara agus seomra dorcha in áit próisis dhigiteacha. Cruthaíonn **Florian Imgrund** portráidí cisealaithe nochtadh dúbailte le ceamara analógach.

Glacann **Carter Mull** grianghraif de rudaí coitianta ar nós irisleabhair réabtha agus gloine bhriste le montáisí dathsháithithe teibí a chruthú. Tá níos mó spéise aige sa dóigh a gcuirtear an íomhá as a riocht ná mar a bhíonn sa ghrianghrafadóireacht thraidisiúnta faisnéise.

www.xtrapapers.com

**Dearadh Tríthoiseach**

Ba í an inspioráid a spreag ***Músaem Ealaíne Yinchuan*** le **WAA** ná na cisil dhríodair a fhágtar mar gheall ar aistriú cúrsa na hAbhann Buí. Tá cisil in ***Urban Forest Skyscraper*** le **MAD Architect** a bhfuarthas inspioráid dóibh ó thírdhreacha sléibhtiúla de chuid na Síne.

In ***Brother Klaus Field Chapel***, le **Peter Zumthor**, rinneadh an taobh istigh de 112 stoc crainn, cóirithe mar a bheadh puball ann. Rinneadh cisil de choincréit a dhoirteadh thart ar an struchtúr ar dhéanamh pubaill, agus ina dhiaidh sin, rinneadh na crainn a dhó go mall go dtí nach raibh adhmad fágtha. Tá sraith de chisil ingearacha ann, a cruthaíodh ó fhoirm na gcrann, agus léiríonn na cisil taobh amuigh na cisil mar ar doirteadh an choincréit.

Foirgnimh ar nós ***Centre Pompidou*** i bPáras (deartha ag **Richard Rogers** agus **Renzo Piano**) agus ***Foirgneamh Lloyd's*** i Londain, deartha ag **Richard Rogers**, tiontaíonn siad cisil thraidisiúnta an struchtúir bun os cionn, trí sheirbhísí a chur ar an taobh amuigh den fhoirgneamh, agus i gcás Centre Pompidou, iad seo a aibhsiú le dathanna éagsúla.

Cruthaionn **Matthew Chambers** potaí cré ilchisealacha ina mbogann gach ciseal go neamhspleách ar na cinn eile.

Táirgeann **Elizabeth Fritsch** foirmeacha ceirmeacha lámhthógtha trí chornaí leacaithe a chisealú ar bharr a chéile agus iad a phinseáil. Ansin péinteálann sí cisil de **bhrat críche** daite ar an dromchla agus bíonn bácáil idir trí agus sé huaire de dhíth ar phíosaí.

Cruthaíonn **Tjok Dessauvage** ceirmigh rothmhúnlaithe a bhfuil dhá bhalla acu agus faightear inspioráid dóibh ón ailtireacht, ó chuthanna cónúla agus ó leathsféir. Cé go bhfuil siad íostach ó thaobh stíle de, tá rian na dealbhóireachta orthu agus bíonn cisil de mhaisiúcháin iontlaise agus glónraithe iontu.

I réimse seodra **Fiona Kerr**, ***Celtic Chaos***, déantar cisil d'ábhair éagsúla agus d'fhoirmeacha éagsúla a chomhcheangal leis an anord sa dúlra a léiriú. Fiosraíonn sí an dóigh ar féidir dathanna, uigeachtaí agus cruthanna difriúla a chur le chéile le rud éigin comhchuí a chruthú.

Tá seodra **Fiona Mulholland**, a fuair a hinspioráid ó sholas agus ó fhoirm, déanta de chisil de Plexiglas daite atá comhcheangailte le miotail luachmhara.

Tá ***Layers Cloud Chair*** le **Richard Hutten** déanta de chisil d'fhabraicí daite, deartha le bheith cosúil le foirmíochtaí carraige dríodracha san Fhásach Phéinteáilte in Arizona.

Is é atá in ***Identity Parade*** (rudaí 3T priontáilte ceirmeacha, amhail vásaí agus maisiúcháin) le **Adam Nathaniel** ná cisil atá ildaite agus patrúnaithe.

Is é speisialtacht an dearthóir táirgí **Marc Sadler** ná dearaí d'éadaí spóirt, agus is ceannródaí é ar thaighde ar ábhair agus ar theicnící úra. A chosantóir droma don ghluaisrothaí, tugann sé ciseal cosanta don duine atá cosúil le heiseachnámharlach feithide.

www.xtrapapers.com

**Teicstílí**

Oibríonn **Nelly Saunier**, ar mó an clú uirthi as an chomhoibriú a rinne sí le saothar **Jean-Paul Gaultier**, le cisil de chleití le héadaí a chruthú cosúil leis an ***Parakeet Bolero*** agus an ***Pink Flamingo Jacket*** aici.

Sna dealbha i meáin mheasctha de chuid **Michael Brennand-Wood**, amhail a shraith ***New Worlds***, tá cisil d'fhabraic, de cholláis, de théip, de shreang, srl.

Fiosraíonn cuilteanna **Pauline Burbidge** tírdhreacha nádúrtha agus baile, go háirithe cáilíocht theibí na gciseal d'íomhánna frithchaite san uisce.

Is maisitheoir í **Lizzi Finn** a bhíonn ag obair go príomha i gcolláisí ilchisealacha teicstílí. Sa tsraith aici ***Out of the Ordinary***, bíonn cisil de líníochtaí meaisín-fhuáilte de lámha ealaíontóirí i mbun oibre ann, mar aon leis na huirlisí agus rudaí ó stiúideonna na n-ealaíontóirí sin.

I saothair ilchisealacha **Eileen Harrison, ealaíontóir teicstíle**, comhcheanglaítear an fhilíocht, an ghrianghrafadóireacht, an fhuaim agus an fhuáil le cogadh agus coimhlint a léiriú.

Cruthaítear na híomhánna teicstíle d'éin le **Louise Saxton** ó chisil de bhróidnéireacht athshlánaithe. Sna hainmhithe teicstíle le **Karen Nicol**, tá cisil d'fhabraic línithe, phéinteáilte agus phléatáilte. Cruthaíonn **Lauren Scott**, ealaíontóir áitiúil, dealbha teicstíle d'ainmhithe.

I bhfaisean **Iris van Herpen**, bíonn cisil déanta le próisis thraidisiúnta lámhcheardaithe, mar aon le gnéithe a cruthaíodh le teicneolaíochtaí digiteacha ar nós priontáil 3T.

Tógtar na dearaí do ***Nova Shoes*** le **Zaha Hadid** ó shraith de chisil chothrománacha. Faigheann na dealbha ilchisealacha de bhróga le **Robert Tabor** a gcuid inspioráide ó chultúr an phobail.

Úsáideann **Christopher Kane** cisil d'fhabraicí le toirt agus foirm a chruthú. A chnuasach ***2009 SS***, léirigh sé cisil de mhaisiúcháin scolbáite a sheas amach ón chorp.

Cruthaítear faisean dealbhóireachta **Issey Miyake** le cisil d'fhabraic phléatáilte.

Bhain **Rodarte** úsáid as ábhair éagsúla leis na cisil dá gcuid dearaí a chruthú ó chleiteáil, slabhraí leathair agus fabraicí.

An coincheap d'***Fo-éadaí mar Éadaí Amuigh***, thiontaigh sé cisil thraidisiúnta na n-éadaí taobh tuathail amach. Thairg **Jean Paul Gaultier** coírséid le caitheamh le culaithe tráthnóna. Bhí an-tóir ar na barréidí coírséid le **Vivienne Westwood** mar éide tráthnóna agus ina ***cnuasach Mini-Crini***, chuir sí tútúnna agus leagan giorraithe de chrinilíní na Victeoiriach le chéile. Meastar gurb é **John Galliano** máistir na ngúnaí fo-ghúna nó cóitín.

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.